Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8654/25**

**COMPET 338**
**MI 286**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 22 Bealtaine 2025*<br>Straitéis don Mhargadh Aonair<br>- *Cur i láthair ón gCoimisiún* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht dar teideal 'Straitéis don Mhargadh Aonair' in oirchill cur i láthair ón gCoimisiúnh ag an gComhairle Iomaíochais an 22 Bealtaine 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**PÁIPÉAR PLÉ**

**Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais**

**An Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2025**

***Straitéis don Mhargadh Aonair***

Leis an nglacadh atá beartaithe don 21 Bealtaine, cuirfidh an Coimisiún an Straitéis don Mhargadh Aonair i láthair i bhfoirm Teachtaireachta ina mbeidh plean gníomhaíochta nithiúil agus amlíne nithiúil. Beidh sé d'aidhm ag an Straitéis bacainní rialála agus riaracháin atá ann cheana a shainaithint agus a bhaint agus cosc a chur ar bhacainní nua atá ag teacht chun cinn.

Leagfar amach inti fís chuimsitheach réamhbhreathnaitheach don Mhargadh Aonair, lena gcomhlánófar tionscnaimh earnáilsonracha.

Díreofar sa Straitéis ar sholáthar trasteorann seirbhísí agus gluaiseacht earraí a éascú, agus rialachas cothrománach an Mhargaidh Aonair á fheabhsú ag an am céanna. I measc na bpríomhréimsí gníomhaíochta a bheidh ann, beidh digitiú na bpróiseas chomh maith le treisiú agus dlús a chur le forfheidhmiú rialacha an Mhargaidh Aonair.

Beidh an straitéis a fógraíodh ina freagairt freisin ar iarraidh na gCeannairí i mí Aibreáin 2024 straitéis chothrománach nua a fhorbairt le haghaidh Margadh Aonair nuachóirithe faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2025 chomh maith leis an bhfreagairt ar na conclúidí ón gComhairle Iomaíochais an 24 Bealtaine 2024, lena n-iarrtar ar an gCoimisiún Straitéis chothrománach nua a ghlacadh le haghaidh Margadh Aonair nuachóirithe faoi mhí an Mheithimh 2025 arb é is aidhm di ilroinnt a laghdú agus an Margadh Aonair a chomhlánú ar fud na réimsí beartais, lena n-áirítear treochlár ina mbeidh amlínte agus garspriocanna soiléire le haghaidh gníomhaíochtaí práinneacha nithiúla i ngach réimse beartais, d'fhonn limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil ar mhaithe le cách.

*Sa chomhthéacs sin, iarraimid ar na Ballstáit páirt a ghlacadh sa chéad seisiún tuairimíochta maidir leis an Straitéis, chun comhthuiscint ar thosaíochtaí a áirithiú.*